2025/1992

6.10.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1992 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Deireadh Fómhair 2025

maidir le leordhóthanacht údarás inniúil na Ríochta Aontaithe de bhun Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6589)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 47(3), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Aistriú páipéar oibre iniúchóireachta nó doiciméad eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta atá formheasta acu, agus aistriú tuarascálacha cigireachta nó imscrúdaithe a bhaineann leis na hiniúchtaí atá i gceist, ar aistrithe iad chuig údaráis inniúla tríú tír, faoi Airteagal 47(1) de Threoir 2006/43/CE, ní fhéadfaidh na Ballstáit na haistrithe sin a cheadú ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach ann. I measc na gcoinníollacha sin, ceanglaítear le hAirteagal 47(1), pointí (c) agus (d) den Treoir sin go gcomhlíonfaidh na húdaráis sin ceanglais a dhearbhaigh an Coimisiún a bheith leordhóthanach agus go mbeidh socruithe oibre ann ar bhonn cómhalartachta idir na húdaráis inniúla tríú tír sin agus údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann. Tá an ceanglas céanna ann i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe'). Fágann sé sin gur gá cinntí leordhóthanachta agus socruithe oibre ar an dá thaobh a ghlacadh chun na páipéir oibre iniúchóireachta sin nó doiciméid eile a aistriú. Tá cinntí leordhóthanachta deonaithe cheana féin ag an Ríocht Aontaithe do gach ceann de na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a chinneadh an gcomhlíonann údarás inniúil na Ríochta Aontaithe na ceanglais atá leordhóthanach chun na gcríoch sin.

(2) Le cinneadh maidir le leordhóthanacht faoi Airteagal 47(3) de Threoir 2006/43/CE, ní thugtar aghaidh ar cheanglais shonracha eile maidir le haistriú páipéar oibre iniúchóireachta agus doiciméad eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta agus aistriú tuarascálacha cigireachta nó imscrúdaithe, amhail an comhaontú maidir le socruithe oibre ar bhonn cómhalartachta idir na húdaráis inniúla a leagtar amach in Airteagal 47(1), pointe (d) de Threoir 2006/43/CE, nó na ceanglais maidir le haistriú sonraí pearsanta a leagtar amach in Airteagal 47(1), pointe (e) den Treoir sin.

(3) An comhar maidir le haistriú páipéar oibre iniúchóireachta nó doiciméad eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta agus aistriú tuarascálacha cigireachta nó imscrúdaithe chuig údarás inniúil tríú tír, is léiriú é go bhfuil leas substaintiúil ag an bpobal maoirseacht phoiblí neamhspleách a dhéanamh. Dá réir sin, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát, faoi chuimsiú na socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 47(2) de Threoir 2006/43/CE, a áirithiú nach n-úsáidfidh údarás inniúil na Ríochta Aontaithe aon doiciméad a aistrítear chucu i gcomhréir le hAirteagal 47(1) den Treoir sin ach amháin chun a bhfeidhmeanna formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh agus imscrúduithe iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta a fheidhmiú.

(4) Agus cigireachtaí nó imscrúduithe á ndéanamh, níor cheart cead a bheith ag iniúchóirí reachtúla agus ag gnólachtaí iniúchóireachta rochtain a dheonú d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ar a gcuid páipéar oibre iniúchóireachta ná ar dhoiciméid eile, ná iad a tharchur chuig na húdaráis inniúla sin, faoi aon choinníoll eile seachas na coinníollacha sin a leagtar amach in Airteagal 47 de Threoir 2006/43/CE.

[1] IO L 157, 9.6.2006, lch. 87.

(5) Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhaontófar na socruithe oibre a cheanglaítear le hAirteagal 47(1), pointe (d), de Threoir 2006/43/CE chun páipéir oibre iniúchóireachta nó doiciméid eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta agus tuarascálacha cigireachta nó imscrúdúcháin a aistriú idir a n-údaráis inniúla agus údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ar bhonn cómhalartachta, agus go n-áireofar sna socruithe oibre sin aon rún gairmiúil agus faisnéis tráchtála íogair atá i bpáipéir den sórt sin a chosaint, is é sin rúin ghairmiúla agus faisnéis tráchtála íogair a bhaineann leis na heintitis a ndearnadh iniúchadh orthu, lena n-áirítear a maoin thionsclaíoch agus intleachtúil, nó a bhaineann leis na hiniúchóirí reachtúla agus leis na gnólachtaí iniúchóireachta a rinne iniúchadh ar na heintitis sin.

(6) I gcás ina n-aistrítear sonraí pearsanta agus páipéir oibre iniúchóireachta nó doiciméid eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta agus tuarascálacha cigireachta nó imscrúdúcháin á n-aistriú chuig údarás inniúil na Ríochta Aontaithe, ní bheidh an t-aistriú sin dleathach ach amháin má tá sé i gcomhréir leis na ceanglais maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Dá bhrí sin, le hAirteagal 47(1), pointe (e), de Threoir 2006/43/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an t-aistriú sonraí pearsanta idir a n-údaráis inniúla agus údarás inniúil na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le haon phrionsabal cosanta sonraí is infheidhme agus le haon riail cosanta sonraí is infheidhme agus, go háirithe, le forálacha Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil maidir le coimircí iomchuí i ndáil le haistriú sonraí pearsanta, i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 ('an cinneadh maidir le leordhóthanacht cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe') ([3]). Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh údarás inniúil na Ríochta Aontaithe na sonraí pearsanta atá sna doiciméid a aistrítear a nochtadh a thuilleadh gan comhaontú a fháil roimh ré ó údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann.

(7) Is í an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais an t-údarás inniúil le haghaidh formhaoirseacht iniúchóireachta sa Ríocht Aontaithe. Is rialtóir neamhspleách é a dhéanann maoirseacht ar iniúchóirí, ar chuntasóirí agus ar achtúirí.

(8) Tá athmheasúnú déanta ag Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta ar chreat dlíthiúil na Ríochta Aontaithe. Agus an measúnú teicniúil, dá dtagraítear in Airteagal 30(7), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ó Choiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta á chur san áireamh, comhlíonann an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais ceanglais ar cheart iad a dhearbhú mar cheanglais leordhóthanacha chun críocha Airteagal 47 de Threoir 2006/43/CE.

(9) Leis an gCinneadh seo, níor cheart difear a dhéanamh do na socruithe comhair dá dtagraítear in Airteagal 25(4) de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(10) Aon chonclúid maidir le leordhóthanacht na gceanglas a chomhlíonann údaráis inniúla tríú tír de bhun Airteagal 47(3), an chéad fhomhír de Threoir 2006/43/CE, ní thagann sí roimh aon chinneadh a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh maidir le coibhéis na gcóras formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionóis le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta an tríú tír sin de bhun Airteagal 46(2) den Treoir sin.

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe (IO L 360, 11.10.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (IO L 158, 27.5.2014, lch. 77).

([5]) Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

(11) Is é is aidhm don Chinneadh seo comhar éifeachtach a éascú idir údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe. Is é is cuspóir dó é a chur ar a gcumas do na húdaráis sin a bhfeidhmeanna formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh agus imscrúduithe a fheidhmiú agus, an tráth céanna, cearta na bpáirtithe lena mbaineann a chosaint. I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil Ballstáit socruithe oibre a dhéanamh ar bhonn cómhalartachta le húdarás inniúil na Ríochta Aontaithe chun aistriú páipéar oibre iniúchóireachta agus doiciméad eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta agus aistriú tuarascálacha cigireachta nó imscrúdaithe a chumasú, tá sé d'oibleagáid ar an mBallstát lena mbaineann na socruithe oibre cómhalartacha a tugadh i gcrích idir na húdaráis sin a chur in iúl don Choimisiún chun é a chur ar a chumas don Choimisiún a mheas an gcomhlíonann an comhar sin Airteagal 47 de Threoir 2006/43/CE.

(12) Déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó Choiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta, faireachán go tráthrialta ar na forbairtí sa mhargadh, ar éabhlóid na gcreataí maoirseachta agus rialála agus ar éifeachtacht agus ar eispéireas an chomhair maoirseachta. Go háirithe, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh ar an gCinneadh seo tráth ar bith roimh dheireadh a thréimhse cur i bhfeidhm i gcás inar gá athmheasúnú a dhéanamh, i bhfianaise forbairtí ábhartha, ar an dearbhú leordhóthanachta arna dheonú leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh aisghairm an Chinnidh seo teacht as an athmheasúnú sin.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug sé tuairim an 28 Aibreán 2025.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 48(1) de Threoir 2006/43/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Comhlíonann Comhairle Tuairiscithe Airgeadais Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ceanglais a mheasfar a bheith leordhóthanach de réir bhrí Airteagal 47(1), pointe (c), de Threoir 2006/43/CE chun páipéir oibre iniúchóireachta nó doiciméid eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta agus tuarascálacha cigireachta agus imscrúdúcháin a aistriú faoi Airteagal 47(1) den Treoir sin.

Airteagal 2

1. Maidir le páipéir oibre iniúchóireachta nó doiciméid eile atá i seilbh iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta, i gcás ina bhfuil siad i seilbh eisiach iniúchóra reachtúil nó gnólachta iniúchóireachta atá cláraithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an grúpiniúchóir cláraithe agus a bhfuil iarraidh faighte ag a údarás inniúil ón údarás dá dtagraítear in Airteagal 1, ní aistreofar na páipéir sin nó na doiciméid sin chuig an údarás inniúil iarrthach ach amháin má thug údarás inniúil an chéad Bhallstáit a chomhaontú sainráite maidir leis an aistriú.

2. Aon socrú oibre déthaobhach idir údaráis inniúla na mBallstát agus údarás inniúil Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, beidh sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Threoir 2006/43/CE.

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maria Luís ALBUQUERQUE
Comhalta den Choimisiún